Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Feabhra 2025
(OR. en)**

**5754/25
ADD 2**

**FIN 112
PE-L 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023<br>• *Ráiteas ón Danmhairg, bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san IARSCRÍBHINN an ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn.

## Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn maidir le buiséad an Aontais do 2023 a urscaoileadh

*Ráiteas ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn*:

- Leagaimid béim ar **ról uathúil neamhspleách Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (an Chúirt) maidir le hiniúchadh an Aontais a dhéanamh** trí ráiteas dearbhaithe a sholáthar don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le hiontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart, mar a leagtar síos in Airteagal 287 CFAE.

- Leagaimid béim go sonrach ar a thábhachtaí atá tuarascáil bhliantúil iniúchóireachta na Cúirte, ról na Cúirte sa nós imeachta um urscaoileadh bliantúil, agus a tuairim agus a moltaí sa phróiseas sin mar a leagtar amach in Airteagal 319 CFAE maidir leis an urscaoileadh agus an buiséad bliantúil a chur chun feidhme.

- Leagaimid béim ar a ríthábhachtaí atá dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an Aontais chun muinín an phobail sna hinstitiúidí Eorpacha a chaomhnú.

- **Is oth linn go mór gur cinneadh go raibh an ráta measta earráide le haghaidh caiteachais, a thuairiscigh an Chúirt, ábhartha agus forleathan**, agus ós rud é gurb é 5.6 % an ráta measta earráide, go bhfuil sé fós go mór os cionn na tairsí ábharthachta de 2 %. Is méadú suntasach é sin i gcomparáid le 2022 agus is é an leibhéal earráidí is airde é ó thosaigh an Chúirt ag foilsiú ráta earráide measta in 2010.

- Tabhair faoi deara gurb é an méadú ar an ráta earráide sa réimse beartais ‘Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna’ ó 6.4 % in 2022 go 9.3 % in 2023 is mó a spreagann an méadú foriomlán.

- Tháinig as an ráta earráide ábhartha méadaitheach sin gur thug an Chúirt, don chúigiú bliain as a chéile, tuairim dhiúltach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na gcaiteachas don bhliain 2023. I bhfianaise an mhéid sin, is díol imní go háirithe cuid de na hathruithe ar an mbeartas comhtháthaithe atá á mbeartú, agus go háirithe an méadú ar an ráta réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe go 100 %, rud a d’fhéadfadh úinéireacht i measc na mBallstát a laghdú. In 2023, thuairiscigh an Chúirt comhghaol idir cómhaoiniú 100 % ón Aontas agus idirbhearta a mbaineann earráidí leo.

- Iarraimid ar an g**Coimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit mórluach a chur leis na conclúidí ón gCúirt agus na moltaí a chur chun feidhme,** go háirithe maidir le híocaíochtaí aisíocaíocht-bhunaithe agus maidir le bainistiú agus rialú bhuiséad an Aontais.

- Féachaimid ar an meastóireacht ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, agus na torthaí arna ngnóthú, mar chuid ríthábhachtach lárnach den iniúchadh bliantúil.

- Iarraimid ar an gCoimisiún **tuilleadh airde a dhíriú ar tháscairí ábhartha feidhmíochta atá bunaithe ar thorthaí,** a bhaineann le spriocanna agus costéifeachtúlacht agus ar féidir iad a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais. Chun muinín agus dlisteanacht a áirithiú tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí, ar bhealach éifeachtúil, **fíorluach do shaoránaigh an Aontais** ó bhuiséad an Aontais.

- Ag breathnú chun cinn dúinn, iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

    - Ar an gcéad dul síos, tá rialacha infheidhme atá foirmlithe go soiléir agus rialuithe éifeachtacha ríthábhachtach. Ba cheart ardchaighdeáin faireacháin agus cuntasachta a choinneáil chun a áirithiú go gcaithfear cistí i gceart. **Ba cheart rialacha cistiúcháin agus nósanna imeachta cur chun feidhme atá casta *gan ghá* a shimpliú** i gcás inarb iomchuí.

    - Ar an dara dul síos, tá sé ríthábhachtach **aird agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do chur chun feidhme agus do rialú**, ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún araon.

    - Ar deireadh, tá **doiciméadú cuí** bunúsach don tseiceáil dlíthiúlachta *ex-post*.